V

(Réamhfhógraí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

FÓGRA COMÓRTAS OSCAILTE EPSO/AD/204-205/10

(2010/C 292 A/01)

Ar mhaith leat a bheith ag obair inár n-institiúidí?
An bhfuil na cáilíochtaí a éilímid agat?
Cuir d'ainm isteach
Cuir an deis chun sochair duit féin

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtas oscailte ar bhonn cáilíochtaí agus trialacha chun painéal a chruthú óna n-earcófar riarthóirí (*).

EPSO/AD/204/10 — BAINISTÍOCHT NA gCISTÍ STRUCHTÚRACHA/CISTÍ COMHTHÁTHAITHE (AD 6)
EPSO/AD/205/10 — CÁNACHA/ CUSTAM (AD 7)

Is é is aidhm do na comórtais seo painéil a chruthú chun folúntais in institiúidí an Aontais Eorpaigh a líonadh, sa Choimisiún go háirithe.

Roimh duit iarratas a dhéanamh, ní mór an treoir a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 184 A an 8 Iúil 2010 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach.

Is cuid dhílis den fhógra comórtais an treoir sin agus beidh sí ina cuidiú duit rialacha na nósanna imeachta agus na bealaí ar a gcuirtear iarratas isteach a thuiscint.

CLÁR NA nÁBHAR

I. **CÚLRA**

II. **DUALGAIS**

III. **INCHÁILITHEACHT**

IV. **IARRTHÓIRÍ A LIGEAN ISTEACH SA CHOMÓRTAS AGUS CUIREADH CHUN AN IONAID MHEASÚNAITHE**

V. **COMÓRTAS OSCAILTE**

VI. **PAINÉIL**

VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

(*) Is ionann gach tagairt san fhógra seo don fhirinscne agus tagairt don dá inscne, fireann agus baineann.

I. **CÚLRA**

1. Líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo	**EPSO/AD/204/10 = 40** **EPSO/AD/205/10 = 34**
2. Nótaí	Ní féidir clárú ach le haghaidh comórtais amháin de na comórtais seo agus le haghaidh réimse amháin den chomórtas EPSO/AD/205/10. Ní mór an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir é a athrú tar éis duit d'iarratas a dhearbhú agus a dheimhniú ar líne.

II. **DUALGAIS**

Tá tuairisc ar na próifílí sonracha sna hiarscríbhinní.

Tá sonraí maidir leis an bpróifíl ghinearálta atá na hinstitiúidí a lorg ar fáil i bpointe 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.

III. **INCHÁILITHEACHT**

Ar an dáta deiridh arna shocrú le haghaidh clárúcháin ar líne, ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Coinníollacha ginearálta

a) A bheith i do shaoránach de Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh.
b) Do chearta ar fad mar shaoránach a theachtadh.
c) Aon oibleagáid atá ort maidir leis an dlí i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

2. Coinníollacha sonracha

2.1	**Cáilíochtaí** Féach na hiarscríbhinní
2.2	**Taithí ghairmiúil** Féach na hiarscríbhinní
2.3	**Eolas ar theangacha** **Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh:** BG (Bulgáiris) FI (Fionlainnis) NL (Ollainnis) CS (Seicis) FR (Fraincis) PL (Polainnis) DA (Danmhairgis) GA (Gaeilge) PT (Portaingéilis) DE (Gearmáinis) HU (Ungáiris) RO (Rómáinis) EL (Gréigis) IT (Iodáilis) SK (Slóvaicis) EN (Béarla) LT (Liotuáinis) SL (Slóivéinis) ES (Spáinnis) LV (Laitvis) SV (Sualainnis) ET (Eastóinis) MT (Máltais)
(a) Teanga 1	**Príomhtheanga:** Sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh
agus	
(b) Teanga 2	**Dara teanga (ní foláir í a bheith éagsúil le teanga 1):** Eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis

IV. IARRTHÓIRÍ A LIGEAN ISTEACH SA CHOMÓRTAS AGUS CUIREADH CHUN AN IONAID MHEASÚNAITHE

1. Nós Imeachta

Scrúdófar na coinníollacha ginearálta agus sonracha agus déanfar an roghnú ar bhonn cáilíochtaí ar dtús i bhfianaise na ndearbhuithe a rinne tú i d'iarratas.

(a) Scrúdófar na freagraí a thug tú ar na ceisteanna maidir leis na coinníollacha ginearálta agus sonracha d'fhonn a chinneadh an duine tú de na hiarrthóirí a chomhlíonann coinníollacha iontrála ar fad an chomórtais.

(b) Ansin, i gcás na n-iarrthóirí a bhfuil a n-ainmneacha ar an liosta sin, déanfaidh an bord roghnúcháin roghnú ar bhonn cáilíochtaí d'fhonn na hiarrthóirí sin a aithint a bhfuil na cáilíochtaí is ábhartha acu (céimeanna agus taithí ghairmiúil go háirithe) i dtaca leis na dualgais agus na critéir roghnúcháin a bhfuil tuairisc orthu san fhógra comórtais. Dhá chéim a bheidh i gceist leis an roghnú sin:

— ag brath ar an tábhacht a thugtar do gach critéar dá dtagraítear sna hiarscríbhinní, socróidh an bord roghnúcháin (ó 1 go 3) ualú gach ceiste a bhaineann leis na critéir sin. Déanfar roghnú ar bhonn cáilíochtaí i dtosach ar bhonn na bhfreagraí a tugadh sa táb 'scagthóir buanna' den fhoirm iarratais agus ar bhonn ualú gach ceann de na ceisteanna sin. Déanfar dara roghnú i gcás iarratais ar líne na n-iarrthóirí a fuair an méid is mó pointí. Le linn an dara roghnaithe, is é líon a bheidh i líon na n-iarratas a scrúdófar ná thart ar a thrí oiread líon na n-iarrthóirí a n-iarrfar orthu dul chuig an ionad measúnaithe,

— le linn an dara roghnaithe, scrúdóidh an bord roghnúcháin freagraí na n-iarrthóirí agus, i bhfianaise a gcáilíochtaí, tabharfaidh sé marc ó 0 go 4 do gach freagra, marc a iolraítear faoi ualú gach ceiste, mar a mhínítear i bpointe (b).

Ina dhiaidh sin, aicmítear na hiarrthóirí ar bhonn a gcuid marcanna. Is é líon a bheidh i líon na n-iarrthóirí a n-iarrfar orthu ([1]) dul chuig an ionad measúnaithe ná a thrí oiread, ar a mhéad, líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo arna lua san fhógra comórtais seo. Foilseofar an t-eolas sin ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu).

2. Dearbhuithe na n-iarrthóirí a sheiceáil

I ndiaidh imeachtaí an ionaid mheasúnaithe agus i bhfianaise na dtorthaí, is é an Coimisiún a scrúdóidh na dearbhuithe a rinne na hiarrthóirí san iarratas leictreonach a fhad a bhaineann leis na coinníollacha ginearálta agus is é an bord roghnúcháin a scrúdóidh iad a fhad a bhaineann leis na coinníollacha sonracha agus a dhéanfaidh an roghnú ar bhonn cáilíochtaí. Má fhaightear amach sa tseiceáil nach luíonn na dearbhuithe sin lena bhfuil sna doiciméid tacaíochta ábhartha, cuirfear na hiarrthóirí i dtrácht as an gcomórtas.

([1]) Féadfaidh iarrthóirí nach n-iarrtar orthu dul chuig an ionad measúnaithe cóip a fháil den leathanach measúnaithe ar a gcáilíochtaí a d'ullmhaigh an bord roghnúcháin, agus den ualú a tugadh do gach ceist, ach é sin a iarraidh faoi cheann deich lá féilire tar éis dóibh fógra a fháil ag cur in iúl nár ligeadh isteach sa chomórtas iad.

Déantar an tseiceáil, in ord íslitheach tuillteanais, ar na hiarrthóirí sin a fuair an pasmharc agus na marcanna is fearr i scrúduithe (d), (e), (f) ina n-iomláine san ionad measúnaithe (féach Roinn V). Ní mór an pasmharc is gá a bheith faighte ag na hiarrthóirí sin freisin i dtrialacha inniúlachta (a), (b) agus (c) (féach Roinn V). Déanfar an tseiceáil sin go dtí go mbainfear amach tairseach na n-iarrthóirí is féidir a bheith ar an bpainéal ar iarrthóirí iad a chomhlíonann na coinníollacha iontrála go léir.

Ní scrúdófar doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí atá faoi bhun na tairsí sin.

V. **COMÓRTAS OSCAILTE**

1. Cuireadh chuig an ionad measúnaithe	Más duine de na hiarrthóirí tú: — a chomhlíonann, i bhfianaise na ndearbhuithe a rinne tú le linn duit clárú ar líne, coinníollacha ginearálta agus sonracha iontrála Roinn III agus — a fuair ceann de na marcanna is fearr ([2]) agus an roghnú ar bhonn cáilíochtaí á dhéanamh. tabharfar cuireadh duit páirt a ghlacadh i gcás-staidéar sa réimse i dtrácht agus sna trialacha eile san ionad measúnaithe a reachtálfar sa Bhruiséil de ghnáth ar feadh lae nó leath-lae.
2. An tIonad measúnaithe:	Measúnófar do chuid inniúlachtaí réasúnaíochta ([3]) ar na bealaí seo a leanas: (a) triail réasúnaíochta briathartha (b) triail réasúnaíochta uimhriúla (c) triail réasúnaíochta teibí Ina theannta sin, measúnófar d'inniúlachtaí sonracha sa réimse i dtrácht mar aon leis na hinniúlachtaí ginearálta a leanas: — Anailísiú agus réiteach fadhbanna — Cumarsáid — Cáilíocht agus torthaí — Foghlaim agus forbairt — Cinneadh tosaíochtaí agus eagrúchán — Buanseasmhacht — Oibriú i bhfoireann — Cumas ceannaireachta Tá sonraí maidir leis na hinniúlachtaí sin ar fáil i bpointe 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte. Scrúdófar na hinniúlachtaí sin ar na bealaí seo a leanas: (d) cás-staidéar sa réimse i dtrácht (e) gníomhaíocht i ngrúpa (f) agallamh struchtúrtha
3. Teangacha san ionad measúnaithe	Teanga 2 i gcás (a)– (f). Scrúdófar an t-eolas atá agat ar do phríomhtheanga freisin (teanga 1) le linn an cás-staidéir (d).

([2]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina bhfaighfidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, iarrfar orthu ar fad teacht chuig an ionad measúnaithe.

([3]) Ar chúiseanna eagrúcháin, d'fhéadfaí go n-eagrófaí na trialacha réasúnaíochta sna hionaid scrúduithe sna Ballstáit, is cuma cá háit a reachtálfar trialacha eile an ionaid mheasúnaithe.

4. Marcáil	**Inniúlachtaí réasúnaíochta** (a) réasúnaíocht bhriathartha: 0–20 pointe Pasmharc: 10 bpointe (b) réasúnaíocht uimhriúil: 0–10 pointe (c) réasúnaíocht theibí: 0–10 bpointe an pasmharc do scrúduithe (b) agus (c) ina n-iomláine: 10 bpointe Scrúduithe díbreora is ea scrúduithe (a), (b) agus (c) ach ní chuirfear pointí na scrúduithe sin le pointí na dtrialacha eile a dhéantar san ionad measúnaithe. **Inniúlachtaí sonracha** 0–100 pointe Pasmharc: 50 pointe **Inniúlachtaí ginearálta** 0–80 pointe do na hinniúlachtaí ginearálta ina n-iomláine (10 bpointe in aghaidh na hinniúlachta) Pasmharc: 3 phointe in aghaidh na hinniúlachta agus 40 pointe don ocht n-inniúlacht ghinearálta ina n-iomláine **Eolas ar an bpríomhtheanga** 0–10 bpointe Pasmharc: 8 bpointe

VI. **PAINÉIL**

1. Ainmniúchán ar na painéil	Cuirfidh an bord roghnúcháin d'ainm ar an bpainéal ([4]) (féach líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo, Roinn I.1) má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí a chomhlíonann coinníollacha Roinn IV.
2. Aicmiú	Painéil curtha le chéile de réir comórtais, de réir réimse, de réir grúpa tuillteanais (ceithre ghrúpa ar a mhéad) agus in ord aibítre laistigh de gach grúpa tuillteanais.

VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

1. Clárúchán ar líne	Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO. **Spriocdháta: 26 Samhain 2010 ag 12 (meán lae)**, am na Bruiséile
2. An t-iarratas a sheoladh	**Ag céim níos déanaí** agus ar choinníoll gur duine de na hiarrthóirí tú a n-iarrfar orthu dul go dtí an t-ionad measúnaithe, beidh ort, má iarrtar é, iarratas iomlán a chur isteach (iarratas leictreonach sínithe agus doiciméid tacaíochta). **Spriocdháta:** cuirfear an spriocdháta in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO, **agus ar an mbealach sin amháin**. **Sonraí praiticiúla:** féach pointe 2.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.

([4]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina bhfaighidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad ar fad ar an bpainéal.

IARSCRÍBHINN I

EPSO/AD/204/10 — RIARTHÓIRÍ (AD 6)

BAINISTÍOCHT NA gCISTÍ STRUCHTÚRACHA/AN CHISTE CHOMTHÁTHAITHE

Saineolaithe ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa/ ar an gCiste Comhtháthaithe/ ar Chiste Sóisialta na hEorpa/ ar an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe/ ar an gCiste Eorpach Iascaigh

Tá an comórtas oscailte seo á eagrú chun Riarthóirí (AD 6) i réimse na gcistí struchtúracha nó réimsí comhchosúla a earcú.

1. **Dualgais**

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais:

— Anailís a dhéanamh ar gach togra a chuirfidh Ballstát isteach le haghaidh fhormheas nó leasuithe ar a ionstraimí tagartha i gcomhair ullmhú chlárú cistí ([1]), clár oibríochtúil nó mórthionscadal arna maoiniú ag na cistí sin, mar aon le doiciméid eile a bhfuil gá leo de réir na rialacha is infheidhme, agus caibidlíocht a dhéanamh maidir leis na tograí sin,

— Téarmaí tagartha na caibidlíochta a ullmhú, más iomchuí, agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe na gcoistí monatóireachta agus tuarascáil a scríobh ar na cruinnithe sin,

— Iarrataí ar íocaíocht a bhreithniú, anailís a dhéanamh ar na tuarascálacha bliantúla agus na tuarascálacha straitéiseacha, agus tuarascáil a scríobh ar an staid ag a bhfuil na tionscadail agus ar dhul chun cinn coincréiteach na dtionscadal agus na gclár,

— Comhairle a thabhairt d'údaráis bhainistíochta agus do pháirtithe leasmhara eile na gcoistí monatóireachta fad is a bhaineann le cur chun feidhme agus le meastóireacht de réir rialacha an Aontais, ag féachaint go háirithe don Straitéis Eoraip 2020.

— Doiciméid chlabhsúir na gclár/na dtionscadal a phróiseáil; cuntas a thabhairt ar na torthaí. Cuidiú le cur chun feidhme mheastóireacht an chláir/an tionscadail leath-bhealach tríd nó tar éis dheireadh an chláir/an tionscadail.

— Anailís a dhéanamh ar na tograí le haghaidh leasú a chuirfidh an Ballstát isteach i ndáil lena chláir agus lena mhórthionscadail don tréimhse 2007-2013. Doiciméid chlabhsúir na gclár agus na dtionscadal don tréimhse 2000-2006 a bhreithniú.

— Na treoirlínte a eagrú agus a ullmhú agus tuarascáil a scríobh ar chruinnithe bliantúla an Choimisiúin leis na húdaráis náisiúnta inniúla.

— Anailís a dhéanamh ar na tuarascálacha iniúchóireachta nó rialaithe agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm i measc an phobail i gcomhar leis na húdaráis inniúla.

— An caidreamh a bhunú idir na húdaráis bhainistíochta agus na páirtithe eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an chláir/an tionscadail.

— Na conarthaí a bhaineann le cúnamh teicniúil ón Aontas a bhainistiú.

— Freagraí a ullmhú ar na ceisteanna scríofa agus ó bhéal a chuireann feisirí Pharlaimint na hEorpa, ar achainí agus ar ghearáin a chuirtear faoi bhráid na Parlaiminte agus ar iarrataí ar fhaisnéis ó na húdaráis, ó na páirtithe leasmhara nó ón bpobal.

— Mionteagaisc, óráidí agus doiciméid eile a ullmhú arna iarraidh sin do na feisirí, do lucht an ordlathais nó do lucht na seirbhísí cothrománacha.

— Cuntas a thabhairt ar gach foinse faisnéise ábhartha, ar foinse eacnamaíoch, eolaíoch nó polaitiúil í, go háirithe faisnéis a fhaightear ó na meáin scríofa agus chlosamhairc náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, maidir le beartais an Aontais i gceist agus le cur chun feidhme na gclár, lena n-áirítear monatóireacht na scéimeanna státchabhrach a ghlac an Ballstát nó monatóireacht neamhrialtachtaí.

— Monatóireacht na neamhrialtachtaí arna n-aithint ag an mBallstát nó ag institiúidí an Aontais a áirithiú, na ceartuithe airgeadais san áireamh.

2. **Cáilíochtaí**

Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile agus ar gnóthaíodh céim a bhaineann leis an réimse i dtrácht dá bharr, ar cúrsa é a mhair ceithre bliana nó níos mó, nó a choibhéis.

nó

Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile a mhair trí bliana ar a laghad agus ar gnóthaíodh céim a bhaineann leis an réimse i dtrácht dá bharr agus ar lean taithí ghairmiúil bliana ar a laghad é, ar taithí ghairmiúil í a bhain le dualgais an phoist.

NB: Cuid dhílis den chéim is ea an t-íosmhéid bliana amháin taithí gairmiúla, agus ní féidir í a áireamh sa taithí ghairmiúil thíosluaite.

([1]) Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE); Ciste Comhtháthaithe (CC); Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE); Ciste Eorpach Iascaigh (CEI); Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

3. **Taithí ghairmiúil**

Is gá ar a laghad trí bliana taithí gairmiúla i gcur i bhfeidhm rialacha agus nósanna imeachta riaracháin, i bhforbairt, i mbainistiú agus i gcur chun feidhme clár agus/nó tionscadal infheistíochta maoinithe trí chistí poiblí agus príobháideacha nó trí iasachtaí. Níl an taithí ghairmiúil sin ábhartha más rud é go bhfuarthas í sular baineadh amach an chéim a lig don iarrthóir isteach sa chomórtas.

I gcás PhD de bharr staidéir lánaimseartha in ábhar a bhaineann leis an réimse i dtrácht, ní chuirfear san áireamh níos mó ná bliain amháin den tréimhse sin staidéir.

Tréimhsí eile oiliúna a bhaineann leis an speisialtacht i dtrácht ar tréimhsí iad a tharla tar éis don iarrthóir an cháilíocht a bhaint amach, is féidir suas le bliain díobh sin a chur san áireamh.

4. **Critéir roghnúcháin**

Agus an roghnú ar bhonn cáilíochtaí á dhéanamh aige, cuirfidh an bord roghnúcháin na nithe seo a leanas san áireamh:

1. De bharr nádúr post áirithe, go háirithe i réimse an bheartais réigiúnaigh, líofacht chruthaithe in ar a laghad ceann amháin de na teangacha seo a leanas, nach foláir í a bheith éagsúil le teangacha 1 agus 2 a éilítear i Roinn III (2.3):

   (BG) Bulgáiris, (CS) Seicis, (EL) Gréigis, (ET) Eastóinis, (HU) Ungáiris, (LT) Liotuáinis, (LV) Laitvis, (MT) Máltais, (PL) Polainnis, (RO) Rómáinis, (SK) Slóvaicis, (SL) Slóivéinis.

2. Oiliúint bhreise i gceann de na réimsí seo a leanas:
   — forbairt réigiúnach,
   — fostaíocht, oiliúint agus oideachas,
   — forbairt na tuaithe agus talmhaíocht,
   — earnáil an iascaigh.
3. Taithí ghairmiúil ábhartha i mbainistíocht, iniúchóireacht agus rialú agus meastóireacht na gclár agus na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí Struchtúracha/Cistí Comhtháthaithe, agus iad siúd a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ón gCiste Eorpach Iascaigh.
4. Taithí ghairmiúil mar a chuirtear síos uirthi i bpointe 3 thuas, anuas ar na 3 bliana a éilítear.
5. Taithí ghairmiúil i gceann de na réimsí idirghabhála a ndéantar foráil di leis na cistí i gceist, go háirithe:
   — na hinfrastruchtúir iompair, comhshaoil, teileachumarsáide agus fuinnimh;
   — cóiriú na gceantar uirbeach agus tuaithe,
   — infheistíochtaí táirgiúla,
   — taighde, nuálaíocht agus tarchur teicneolaíochta,
   — rochtain gnóthas ar chreidmheas agus innealtóireacht airgeadais,
   — fostaíocht, oiliúint agus oideachas,
   — forbairt na tuaithe agus talmhaíocht,
   — earnáil an iascaigh.
6. Taithí ar chaibidlíocht in eagraíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta.
7. Taithí ar thaighde acadúil nó ar theagasc i gceann de na réimsí seo a leanas:
   — forbairt réigiúnach,
   — fostaíocht, oiliúint agus oideachas,
   — forbairt na tuaithe agus talmhaíocht,
   — forbairt agus ath-chomhshó earnáil an iascaigh.
8. Foilseacháin i gceann amháin nó cúpla ceann de na réimsí seo a leanas:
   — forbairt réigiúnach,
   — fostaíocht, oiliúint agus oideachas,
   — forbairt na tuaithe agus talmhaíocht,
   — forbairt agus ath-chomhshó earnáil an iascaigh.
9. Máistreacht a bhaineann leis an taithí ghairmiúil mar a chuirtear síos uirthi i bpointe 3 thuas.
10. Dochtúireacht a bhaineann leis an taithí ghairmiúil mar a chuirtear síos uirthi i bpointe 3 thuas.

IARSCRÍBHINN II

EPSO/AD/205/10 — RIARTHÓIRÍ (AD 7)

CUSTAM/CÁNACHA

Tá an comórtas oscailte seo á eagrú chun Riarthóirí (AD 7) i réimse na gCÁNACHA/an CHUSTAIM sa Choimisiún Eorpach a earcú.

1. **Dualgais**

Réimse an Chustaim (17 iarrthóir a n-éireoidh leo)

Is é ról ginearálta na riarthóirí (AD 7) i réimse an chustaim anailís a dhéanamh, tuarascálacha a ullmhú agus tascanna ábhartha eile a dhéanamh a bhaineann le forbairt agus bainistiú an Aontais Chustaim agus cúraimí riaracháin, comhairliúcháin agus maoirseachta a chur i gcrích ar leibhéal ard.

Iarrfar ar iarrthóirí a n-éireoidh leo reachtaíocht Chustaim, mar a chomhdhlúitear í i gCód Custaim an Chomhphobail agus sa Taraif Custaim Chomhphobail, na modhanna comhfhreagracha cur i bhfeidhm agus na forálacha ábhartha eile, agus reachtaíocht i réimsí sonracha eile custaim, mar shampla rialuithe custaim, próiseas nuachóiriú custaim agus/nó na feidhmchláir TF a bhaineann leis, a dhréachtú agus a anailísiú. Mar aon le monatóireacht ar fhorbairtí reachtaíochta, d'fhéadfaí go mbeadh ar iarrthóirí freisin ionadaíocht agus caibidlíocht a dhéanamh thar ceann na hinstitiúide ar leibhéal an AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

Réimse na gCánacha (17 iarrthóir a n-éireoidh leo)

Is é ról ginearálta na riarthóirí (AD 7) i réimse an chánachais tacaíocht a thabhairt do na cinnteoirí agus misean a n-institiúide á chur chun feidhme acu, anailís dhlíthiúil, eacnamaíoch agus/nó staidrimh a thabhairt atá riachtanach chun beartais an AE maidir le cánachas díreach agus/nó indíreach a thionscnamh, a fhorbairt, a bhainistiú agus/nó a mheas ar leibhéal ard.

Iarrfar ar iarrthóirí a n-éireoidh leo anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cánachas díreach agus/nó indíreach, measúnú dlíthiúil a dhéanamh faoi na rialacha agus nósanna imeachta cánach is infheidhme, a dtionchair a anailísiú agus dréachtaí dlíthiúla a chur i láthair nó anailís eacnamaíoch ar na saincheisteanna sin a ullmhú. Iarrfar orthu freisin dualgais chomhordaithe a chur i gcrích agus caibidlíocht a dhéanamh ar leibhéal idirnáisiúnta, ar caibidlíocht í a bhaineann le beartas cánach an Aontais Eorpaigh sna réimsí seo a leanas:

Anailís eacnamaíoch agus cánacha a mheas

— Anailís a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha beartas náisiúnta ar ranníocaíochtaí reachtúla agus muirir a mbíonn tionchar acu ar bheartas an AE, go háirithe fad is a bhaineann lena dtionchar ar leasú cánach agus dlíthe nua airgeadais a ghlacadh.

— Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais beartas cánach a mholann an Coimisiún a mheas.

Cánachas díreach

— Comhairle theicniúil fíor-speisialithe a thabhairt ar chánachas cuideachta agus/nó pearsanta.

— Monatóireacht a dhéanamh ar bheartas cánach sna Ballstáit agus ar leibhéal an AE agus leibhéal idirnáisiúnta, ar reachtaíocht chánach na mBallstát agus ar chur chun feidhme rialacha an AE.

Cánachas indíreach:

CBL

— Comhairle theicniúil fíor-speisialithe a thabhairt i réimse bheartas agus reachtaíocht CBL.

— Rialú CBL agus cosc calaoise a mheas.

— Monatóireacht ar reachtaíocht náisiúnta CBL.

Cánacha indíreacha eile (dleachtanna comhshaoil, iompair, fuinnimh agus máil)

— Beartas cánach a fhorbairt i ndáil leis an gcomhshaol, le cúrsaí iompair agus fuinnimh.

— Reachtaíocht mháil an AE a chur i bhfeidhm (alcól, táirgí tobac agus olaí mianraí) agus nósanna imeachta neartaithe agus an cosc calaoise a fhorbairt.

— Acmhainneacht eacnamaíoch agus theicniúil cánacha indíreacha nua a mheasúnú.

2. **Cáilíochtaí**

Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile agus ar gnóthaíodh céim dá bharr, ar cúrsa é a mhair ceithre bliana nó níos mó, nó a choibhéis.

nó

Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile, ar cúrsa é a mhair trí bliana ar a laghad agus ar gnóthaíodh céim dá bharr, ar lean taithí ghairmiúil bliana ar a laghad é, ar taithí ghairmiúil í a bhain le dualgais an phoist.

NB: Cuid dhílis den chéim is ea an t-íosmhéid bliana amháin taithí gairmiúla, agus ní féidir í a áireamh sa taithí ghairmiúil thíosluaite.

3. **Taithí ghairmiúil**

Réimse an Chustaim

Taithí ghairmiúil 6 bliana ar a laghad a bhaineann le rialacha agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, mar a gcuirtear síos orthu faoi dhualgais.

Réimse na gCánacha

Ar a laghad 6 bliana taithí gairmiúla a bhain le rialacha agus nósanna imeachta cánachais a chur i bhfeidhm nó le hanailís eacnamaíoch ar shaincheisteanna cánachais. Is iad na réimsí a bheidh ar áireamh sna réimsí saineolais anailís ar dhlí cánach náisiúnta agus/nó an AE maidir le cáin dhíreach nó indíreach agus ar shaincheisteanna ábhartha maidir le cáin dhíreach agus/nó indíreach ar bhonn tuisceana maithe ar ghnéithe eacnamaíocha; measúnú dlíthiúil nó eacnamaíoch ar na saincheisteanna sin i bhfianaise na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme ar leibhéal náisiúnta agus/nó leibhéal an AE; staidéir eacnamaíocha a chur i gcrích agus doiciméid dlí a ullmhú.

Níl an taithí ghairmiúil sin ábhartha más rud é go bhfuarthas í sular baineadh amach an chéim a lig don iarrthóir isteach sa chomórtas.

I gcás PhD de bharr staidéir lánaimseartha in ábhar a bhaineann leis an réimse i dtrácht, ní chuirfear san áireamh níos mó ná **trí** bliana den tréimhse sin staidéir. Más rud é gur thóg sé níos lú ná trí bliana ar an iarrthóir an PhD a ghnóthú, is é an méid ama a thóg sé ar an iarrthóir an PhD a ghnóthú, agus an méid ama sin amháin, a chuirfear san áireamh.

Tréimhsí eile oiliúna a bhaineann leis an speisialtacht i dtrácht ar tréimhsí iad a tharla tar éis don iarrthóir an cháilíocht a bhaint amach, is féidir suas le bliain díobh sin a chur san áireamh.

4. **Critéir roghnúcháin**

Agus an roghnú ar bhonn cáilíochtaí á dhéanamh aige, cuirfidh an bord roghnúcháin na nithe seo a leanas san áireamh:

Réimse an Chustaim

1. Taithí ghairmiúil i ndréachtú reachtaíochta, rialacha agus nósanna imeachta custaim (e.g. laistigh de sheirbhísí lárnacha, in oifig chustaim etc.)
2. Taithí ghairmiúil i gcur chun feidhme reachtaíochta, rialacha agus nósanna imeachta custaim (e.g. laistigh de sheirbhísí lárnacha, in oifig chustaim etc.)
3. Taithí ghairmiúil i reachtaíocht a bhaineann le custam, mar shampla na rialacháin maidir le forghníomhú Ceart Maoine Intleachtúla (CMI), réamhtheachtaithe drugaí, rialú airgid.
4. Taithí ghairmiúil i gcúrsaí comhbheartais trádála.
5. Taithí ghairmiúil i réimsí eile bheartais AE a bhfuil baint ag cúrsaí custaim leo, mar shampla talmhaíocht, buiséad, sláinte, sábháilteacht táirgí nó an comhshaol.
6. Taithí ghairmiúil in úsáid bunachar a bhaineann go sonrach le Custam agus anailís staidrimh ghaolmhar.
7. Taithí ghairmiúil i gcaidreamh idirnáisiúnta i réimse an chustaim (e.g. slándáil an tslabhra soláthair, forghníomhú CMI, éascú trádála).
8. Taithí ghairmiúil i Múnlú Próiseas Gnó.
9. Taithí ghairmiúil i bhforbairt tionscadal TF.
10. Staidéar céime nó iarchéime a raibh speisialtacht i ndlí custaim, i mbainistiú gnó nó eacnamaíocht mar chuid de.
11. Foilseacháin a bhaineann le cúrsaí custaim agus ailt a bhaineann le cúrsaí custaim a foilsíodh ar irisí léinn.
12. Taithí i bhfoirne tionscadal ildisciplíneacha agus ilchultúracha.

Réimse na gCánacha

1. Taithí ghairmiúil i gcur i bhfeidhm rialacha agus nósanna imeachta dlí cánach náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta/dhlí cánach an AE, go háirithe sna réimsí seo a leanas:
   — cánachas díreach (go háirithe, cánachas ar ioncam, cánachas corparáideach, cánachas ar dhíbhinní, cáin oidhreachta),
   — cánachas indíreach (go háirithe CBL, dleachtanna máil, cánachas comhshaoil).

   in aon cheann de na comhthéacsanna seo a leanas:
   — taithí i gcomhlacht dlí;
   — taithí mar dhlíodóir inmheánach de chuid comhlachta nó comhlachais ghairmiúil;
   — taithí i ngnólacht a thugann comhairle ar chúrsaí cánach;
   — taithí in eagraíocht chánachais náisiúnta/idirnáisiúnta nó i roinn airgeadais/cánachais;
   — taithí in ollscoil nó comhlacht taighde atá speisialaithe i gcánachas nó in eacnamaíocht an chánachais;
   — institiúid bhreithiúnach.
2. Taithí ghairmiúil i dtionchair rialacha cánach ar iomaíochas eacnamaíoch, ar dhea-ghiniúint ioncaim agus ar na costais a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha sin a anailísiú.
3. Saineolas gairmiúil i ndréachtú reachtaíochta i réimse an chánachais.
4. Taithí ghairmiúil ar chaibidlíocht ar leibhéal idirnáisiúnta.
5. Taithí ghairmiúil i dtaighde acadúil nó i dteagasc i réimse an dlí cánach nó eacnamaíocht an chánachais.
6. Taithí ghairmiúil i bhforbairt tionscadal TF.
7. Staidéar céime nó iar-chéime a raibh speisialtacht i ndlí cánach idirnáisiúnta agus/nó an AE maidir le cáin dhíreach nó indíreach mar chuid de.
8. Cáilíocht ghairmiúil a bhaineann leis na dualgais (lena n-áirítear cáilíocht a bhronn lucht riaracháin cánach nó comhlachas comhairleoirí cánach).
9. Staidéar céime nó iar-chéime i scoil nó dámh dlí.
10. Staidéar céime nó iar-chéime san eacnamaíocht inar díríodh ar cheann amháin nó cúpla ceann de na réimsí seo a leanas: eacnamaíocht an chánachais, airgeadas poiblí, eacnamaíocht maidir leis an ngaol idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, múnlú eacnamaíoch, eacnaiméadracht nó staidreamh.